Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 24 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**11339/24**

**DEVGEN 92**
**ACP 73**
**RELEX 858**
**FIN 583**
**OCDE 6**
**SUSTDEV 72**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 24 Meitheamh 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11110/24 |
| Ábhar: | Tuarascáil Bhliantúil 2024 chuig an gComhairle Eorpach maidir le Spriocanna an Aontais i réimse na Cabhrach um Fhorbairt – Conclúidí ón gComhairle (24 Meitheamh 2024) |

Á

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Spriocanna an Aontais i réimse na Cabhrach um Fhorbairt – Tuarascáil Bhliantúil 2024 chuig an gComhairle Eorpach, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4038ú cruinniú a bhí aici an 24 Meitheamh 2024.

---

## Tuarascáil Bhliantúil 2024 chuig an gComhairle Eorpach maidir le Spriocanna an Aontais i réimse na Cabhrach um Fhorbairt

## Conclúidí ón gComhairle

1. An 17 Meitheamh 2010, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle tuarascáil bhliantúil a tharraingt suas maidir le gealltanais an Aontais agus na mBallstát i leith Cúnamh Oifigiúil um Fhorbairt (ODA) agus a mhéid a comhlíonadh na gealltanais sin[1]. Seo í an tríú tuarascáil bhliantúil déag dá cineál a chuirfear faoi bhráid na Comhairle Eorpaí. Is díol sásaimh don Chomhairle an anailís a rinne an Coimisiún ar threochtaí i ndáil le gealltanais chomhchoiteanna agus aonair an Aontais i dtaca le ODA, bunaithe ar shonraí ODA 2022 agus ar réamhfhaisnéis maidir le ODA 2023 ó ECFE-DAC, lena ndeimhnítear go bhfuil **an tAontas agus a Bhallstáit fós ar an soláthraí ODA is mó ar domhan (féach Fíor 1). Ba é an tAontas agus a Bhallstáit a rinne 42 % den ODA domhanda in 2022 agus 2023[2], rud a léiríonn a gceannaireacht ar an gclár oibre domhanda don fhorbairt inbhuanaithe.** Is díol sásaimh don Chomhairle an méadú mór a tháinig ar ODA comhchoiteann an Aontais in 2022 i gcomparáid le 2021, agus an méadú breise in 2023[3]. Leagann an Chomhairle béim ar a phráinní atá sé, áfach, go ndéanfadh an tAontas agus a Bhallstáit tuilleadh chun spriocanna aonair a bhaint amach chomh maith le gealltanais chomhchoiteanna an Aontais maidir le 0.70 % de OIN a sholáthar mar ODA, agus 0.20 % a chur ar fáil mar ODA do na tíortha is lú forbairt, faoi 2030.

---

[1] Féach an Iarscríbhinn le haghaidh na ngealltanas maidir le ODA.

[2] Áirítear, sa sainmhíniú atá anseo ar ODA domhanda, ODA a chuireann tíortha comhchoiteanna an Aontais, agus gach tír bhronntach eile DAC agus neamh-DAC, ar fáil.

[3] Tháinig méadú ar ODA ó EUR 71.6 billiún in 2021, go EUR 93.3 billiún in 2022 agus EUR 95.9 billiún in 2023. Ag féachaint ar ODA comhchoiteann an Aontais mar sciar de OIN, feicimid méadú ó 0.49 % in 2021 go 0.59 % in 2022, agus laghdú ina dhiaidh sin go 0.57 % in 2023, atá fós i bhfad níos airde ná an figiúr le haghaidh 2021.

2. Aithníonn an Chomhairle na himthosca geopholaitiúla atá ag athrú go tapa inar leithdháileadh ODA 2022 agus 2023. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil tiomantas an Aontais tacú leis an Úcráin, lena n-áirítear tríd an tSaoráid don Úcráin a glacadh le déanaí, gan dochar dá thiomantas agus dá thacaíocht do thíortha comhpháirtíochta, go háirithe do na tíortha is leochailí. Leagann an Chomhairle béim ar a mhéid a chuir cogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise faoin Úcráin isteach ar dhul chun cinn Chlár Oibre 2030, agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí tiomanta iarmhairtí domhanda fhogha na Rúise a mhaolú, iarmhairtí a raibh tionchar acu ar roinnt mhaith tíortha leochaileacha, go háirithe san Afraic, agus an bhochtaineacht, an neamhionannas agus fadhbanna shlándáil an tsoláthair bia agus an chothaithe a chomhrac ar fud an domhain. I bhfianaise chogadh foghach na Rúise faoin Úcráin, neartaigh an tAontas a thacaíocht do shlándáil dhomhanda an tsoláthair bia, go háirithe trí na Lánaí Dlúthpháirtíochta idir an tAontas agus an Úcráin a bhí ríthábhachtach chun cabhrú le gráin na hÚcráine a chur chuig na margaí domhanda. Cuireann praghsanna arda fuinnimh agus bia isteach ar thíortha i mbéal forbartha go háirithe, rud a dhéanann tuilleadh dochair dá leachtacht, dá leibhéil fiachais agus dá n-ionchas maicreacnamaíoch. Ghéaraigh an treocht sin ar éifeachtaí leanúnacha phaindéim COVID-19 agus ar thionchar na géarchéime triaraí pláinéadaí (an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus truailliú). Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mhárta 2024 ina ngnéithe uile maidir leis an staid sa Mheánoirthear, agus aithníonn sí go mbeidh gá le hacmhainní suntasacha chun tacú le hiarracht chomhordaithe idirnáisiúnta chun Gaza a atógáil.

3. Meabhraítear don Chomhairle tiomantas an Aontais agus a Bhallstát Clár Oibre 2030 agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach, chomh maith le cuspóirí agus spriocanna an Chreata Dhomhanda Bithéagsúlachta i gcomhréir le Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa, 2015. Agus an Comhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt[4] á athdhearbhú aici, dearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas agus na Ballstáit tiomanta do phrionsabail na forbartha inbhuanaithe, deireadh a chur leis an ngéarbhochtaineacht, deireadh a chur leis an ocras agus le gach cineál míchothaithe, leochaileachtaí a laghdú, aghaidh a thabhairt ar neamhionannais agus gan aon duine a fhágáil ar lár agus go bhfuil tiomantas comhchoiteann agus aonair acu don mhaoiniú don fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear maidir le ODA. Meabhraítear don Chomhairle freisin na gealltanais a tugadh maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe agus maidir le haon chreimeadh ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chosc, leagann sí béim ar a riachtanaí atá sé leanúint de thacaíocht a thabhairt do thíortha comhpháirtíochta agus iad ag aistriú i dtreo córais bhia athléimneacha inbhuanaithe a bhfuil torthaí cothaitheacha feabhsaithe acu, agus athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé go mbeidh 93 % ar a laghad den chaiteachas faoi ICFCI-an Eoraip Dhomhanda intuairiscithe mar Chúnamh Oifigiúil um Fhorbairt (ODA).

---

[4] 2017/C 210/01: Ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún Eorpach

4. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé an bhearna sa mhaoiniú domhanda a laghdú chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach agus gach foinse maoinithe a nascadh le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 i gcomhréir le Comhshocrú Pháras do Dhaoine agus don Phláinéad. Leagann an Chomhairle béim ar an ról lárnach atá ag ODA maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 a mhaoiniú agus an cumas atá aige foinsí poiblí agus príobháideacha eile maoiniúcháin a ghiaráil, mar shampla, slógadh acmhainní intíre, maoiniú cumasctha agus infheistíochtaí príobháideacha inbhuanaithe. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé tacú le fothú acmhainneachta, lena n-áirítear acmhainneacht ionsúcháin na dtíortha comhpháirtíochta a neartú, agus meabhraítear di na Conclúidí uaithi i mí na Samhna 2021 maidir le Saineolas na hEarnála Poiblí Eorpaí i nGníomhaíocht Sheachtrach an Aontais Eorpaigh.

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá cur chuige Fhoireann na hEorpa agus Tionscnaimh Fhoireann na hEorpa (TFEnna) chun éifeachtacht na forbartha a mhéadú, ag meabhrú di a conclúidí ó mhí Aibreáin 2021 agus ó mhí na Samhna 2023 maidir le Foireann na hEorpa, agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé TFEnna a ailíniú go hiomlán le riachtanais forbartha agus tosaíochtaí forbartha na dtíortha comhpháirtíochta.

6. Athdhearbhaíonn an Chomhairle aidhm Straitéis Global Gateway an Aontais tacú leis an athléimneacht agus leis an bhforbairt inbhuanaithe i dtíortha comhpháirtíochta, trí thionscadail bonneagair chrua agus bhoig i ngach ceann de chúig phríomhréimse na straitéise, dul i ngleic le dúshláin phráinneacha dhomhanda, forbairt dhaonna a chur chun cinn agus cistí poiblí agus príobháideacha a shlógadh chun rochtain ar mhaoiniú inbhuanaithe a mhéadú. Leanfaidh an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+) agus ionstraimí infheistíochta Eorpacha eile, arb é is aidhm dóibh tionchar giarála agus forbartha a uasmhéadú, de bheith ag rannchuidiú le Clár Oibre 2030 a bhaint amach.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí leanúnacha athchóirithe atá á ndéanamh i dtreo institiúidí idirnáisiúnta airgeadais a bheidh níos uaillmhianaí, níos cuimsithí, níos ionadaíche, níos éifeachtaí agus a mbeidh tionchar níos mó acu agus ar fearr a bheidh siad in ann dúshláin trasteorann a réiteach agus riachtanais agus tosaíochtaí na dtíortha i mbéal forbartha a bhaint amach maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus Chomhaontú Pháras. Go háirithe, leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit de pháirt chuiditheach a ghlacadh sa phlé maidir leis na Bainc Forbartha Iltaobhacha a athchóiriú agus, ar bhonn níos leithne, maidir leis an ollstruchtúr airgeadais idirnáisiúnta a athchóiriú. Leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit de bheith tiomanta athshlánú uaillmhianach IDA21 a bhaint amach. Leanfaidh an Chomhairle de bheith tiomanta freisin do Chruinniú Mullaigh na Todhchaí agus do na hiarscríbhinní a ghabhann leis, do Dhearbhú na nGlún atá le teacht agus don Chomhshocrú Digiteach Domhanda, agus don 4ú Comhdháil Idirnáisiúnta maidir le Maoiniú don Fhorbairt sa Spáinn in 2025.

8. Leagann an Chomhairle béim ar a lárnaí atá an fhorbairt dhaonna i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus i gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear sláinte, slándáil bia agus cothaithe, oideachas, cosaint shóisialta, cuimsiú sóisialta, WASH, agus laghdú na neamhionannas uile, lena n-áirítear neamhionannas inscne[5].

9. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go rannchuideodh ODA go hiomlán leis an gcomhionannas inscne a chur chun cinn, trí phríomhshruthú agus trí ghníomhaíocht spriocdhírithe, lena n-áirítear trí spriocanna ICFCI-an Eoraip Dhomhanda a bhaint amach[6]. Tá sé sin i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta III an Aontais maidir le hInscne mar a ghlac an Coimisiún Eorpach agus Ardionadaí an Aontais Eorpaigh é, agus mar a fáiltíodh dó i gConclúidí ón Uachtaránacht, agus ina sonraítear gur cheart go mbeadh 85 % de na gníomhaíochtaí seachtracha nua ar fad ag rannchuidiú leis an gcuspóir sin faoi 2025. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá cur chuige claochlaitheach lena dtugtar aghaidh ar bhunchúiseanna an neamhionannais inscne agus gur tosaíochtaí de chuid an Aontais i ngach réimse gníomhaíochta é aghaidh a thabhairt ar neamhionannais inscne agus ar an idirdhealú iolrach a bhíonn os comhair daoine leochaileacha nó imeallaithe. Leagann an Chomhairle béim freisin ar an gcur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i leith na forbartha ar fud réimsí gníomhaíochta uile an Aontais.

10. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle maidir le taidhleoireacht aeráide, deimhníonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas lántiomanta oibriú go dlúth le comhpháirtithe chun dlús a chur le haistriú glas domhanda cóir cuimsitheach agus chun tacú lena gcumas oiriúnaithe, chun an athléimneacht a neartú agus chun a leochaileacht a laghdú, lena n-áirítear, i measc modhanna eile, trí ODA a sholáthar.

---

[5] Tá sé sin i gcomhréir leis an gComhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt, le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, leis na conclúidí ón gComhairle i mí an Mheithimh 2021 maidir le tiomantas Fhoireann na hEorpa don fhorbairt dhaonna a neartú, leis na conclúidí ón gComhairle i mí na Samhna 2021 maidir le huisce i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, leis na conclúidí ón gComhairle i mí na Samhna 2022 maidir leis an bplean gníomhaíochta don óige i ngníomhaíocht sheachtrach, leis na conclúidí ón gComhairle i mí na Samhna 2023 maidir leis an aistriú sóisialta, glas agus digiteach, agus leis na conclúidí ón gComhairle i mí Eanáir 2024 maidir le straitéis sláinte domhanda an Aontais Eorpaigh.

[6] Forordaítear le sprioc ábhartha ICFCI-an Eoraip Dhomhanda gur cheart an comhionannas inscne a bheith ina príomhchuspóir nó mórchuspóir in 85 % ar a laghad de na gníomhaíochtaí nua a chuirtear chun feidhme agus gur cheart comhionannas inscne agus cearta agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a bheith mar phríomhchuspóir ag 5 % ar a laghad de na gníomhaíochtaí sin.

11. Is cúis imní don Chomhairle go bhfuil an bhearna forbartha daonna ag dul i méid agus go bhfuil dul chun cinn míchothrom á dhéanamh i réimse na forbartha, rud a fhágann na daoine is boichte níos faide ar gcúl[7]. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an ODA domhanda i gcónaí mar cheann de phríomhfhoinsí maoiniúcháin na dtíortha is boichte agus is leochailí, go háirithe na Tíortha is Lú Forbairt, Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha (SIDS) agus Tíortha Talamhiata atá i mBéal Forbartha, agus tíortha leochaileacha nó tíortha a bhfuil coinbhleachtaí iontu. I gcomhréir leis na conclúidí uaithi i mí na Bealtaine 2022 maidir le comhpháirtíocht athnuaite an Aontais leis na Tíortha is Lú Forbairt, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thiomanta atá sí do na tíortha is lú forbairt agus dá gcomhpháirtithe is leochailí chun tacú lena n-athléimneacht i gcur chuige atá íogair ó thaobh coinbhleachta de, trí aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na leochaileachta, agus trí oibriú tríd an nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin.

12. Is díol sásaimh don Chomhairle gurb iad an tAontas agus a Bhallstáit fós an soláthraí ODA is mó ar domhan, lena n-áirítear do na tíortha is lú forbairt. Mar sin féin, cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis imní di gur tháinig laghdú ar ODA comhchoiteann an Aontais agus a Bhallstát do na tíortha is lú forbairt in 2022, tar éis méadú beag in 2021[8]. Ba EUR 16.3 billiún in 2020, EUR 16.5 billiún in 2021 agus EUR 15.3 billiún in 2022 a thug an tAontas ina iomláine mar ODA do na tíortha is lú forbairt. Thairis sin, cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis imní di an laghdú beag ar ODA comhchoiteann an Aontais do na tíortha is lú forbairt mar sciar de OIN, a thit go 0.10 % in 2022, síos ó 0.11 % in 2021 agus 0.12 % in 2017-2020. Is cúis imní don Chomhairle nach bhfuil a sprioc chomhchoiteann bainte amach ag an Aontas go fóill, is é sin, 0.15 % – 0.20 % de OIN a chur ar fáil do na tíortha is lú forbairt sa ghearrthéarma agus athdhearbhaíonn sí gur gá dlús a chur, mar ábhar práinne, leis na hiarrachtaí chun an sprioc 0.20 % de OIN a chur ar fáil go comhpháirteach mar ODA do na tíortha is lú forbairt faoi 2030.

13. Ina theannta sin, aithníonn an Chomhairle dúshláin shonracha na dtíortha a théann ó stádas ísealioncaim go stádas meánioncaim. I gcomhréir leis an gComhdhearcadh Nua Eorpach maidir le Forbairt, glacfaidh an tAontas agus na Ballstáit páirt i gcomhar um fhorbairt, idirphlé beartais agus comhpháirtíochtaí le tíortha meánioncaim maidir le forbairt inbhuanaithe, díothú na bochtaineachta, neamhionannais, earraí poiblí domhanda agus leasanna eile i gcoiteann.

---

[7] Foinse: UNDP HDR2024: fíor S.2, lch. 4; IMF WEO [Ionchas Eacnamaíochta Domhanda ó CAI], mí Aibreáin 2024, lch. xiv; WB GEP, Eanáir 2024, lch. 17.

[8] Tabhair faoi deara nach eol go fóill ODA iomlán do na tíortha is lú forbairt do 2023, toisc go mbraitheann a ríomh go mór ar na ‘méideanna iltaobhacha barúlacha’ ábhartha ó chroí-ranníocaíochtaí na mBallstát le heagraíochtaí iltaobhacha, agus toisc nach n-eisíonn ECFE na barúlacha sin ach i dtreo dheireadh bhliain X+1 de ghnáth. Thairis sin, gné an ‘ODA réigiúnach arb eol go dtéann sé chun tairbhe na dtíortha is lú forbairt’, ar cuid é ó 2020 de ríomh an ODA iomláin do na tíortha is lú forbairt, ní bheidh sí ar fáil go dtí go bhfoilseofar sonraí ECFE i dtreo dheireadh bhliain X+1. Dá bhrí sin, is léiriú iad figiúirí 2022 ar na sonraí iomlána is déanaí atá ar fáil faoi láthair.

14. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta do na prionsabail maidir le comhar éifeachtach um fhorbairt a comhaontaíodh i gcomhthéacs na Comhpháirtíochta Domhanda maidir le Comhar um Fhorbairt Éifeachtach, agus go bhfuil sí tiomanta freisin do Chomhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe, ós ríthábhachtach iad ó thaobh na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar bheartais inmheánacha an Aontais maidir le tíortha comhpháirtíochta.

15. Agus an méid thuas á chur san áireamh, is mian leis an gComhairle na gnéithe a leanas a thuairisciú don Chomhairle Eorpach:

   a. In 2023, shroich ODA[9] comhchoiteann an Aontais[10] EUR 95.9 billiún, méadú ó EUR 93.3 billiún in 2022 agus EUR 71.6 billiún[11] in 2021. Léiríonn an méadú sin ó bhí 2021 ann go bhfuil iarracht á déanamh an athuair ag an Aontas agus na Ballstáit tacú le tíortha atá i mbéal forbartha agus le daoine ar leochaileach a gcás, trí chur chuige Fhoireann na hEorpa.

   b. Choimeád an tAontas agus a Bhallstáit a seasamh mar an soláthróir ODA is mó ar domhan (féach Figiúr 1), ós iad a thugann 42 % den ODA go domhanda in 2022 agus 2023[12] agus dhaingnigh siad a gceannaireacht sa chlár oibre domhanda le haghaidh forbairt inbhuanaithe.

   c. Ba éard a bhí in ODA comhchoiteann an Aontais in 2023 0.57 % de OIN an Aontais. Cé gur laghdú beag é sin i gcomparáid le sciar 0.59 % de OIN an Aontais in 2022, tá sé fós i bhfad níos airde ná sciar 0.49 % in 2021, agus níos airde ná comhiomlán chomhaltaí DAC nach Ballstáit den Aontas iad, arb éard a bhí ina ODA in 2023 ná 0.31 % de OIN (féach Fíor 2).

---

[9] Ar bhonn coibhéis deontas, arb í an mhodheolaíocht nua í chun luach ODA iasachtaí lamháltais a ríomh, a cuireadh i bhfeidhm den chéad uair in 2019 ar shonraí 2018 maidir le hiasachtaí ón earnáil cheannasach agus iasachtaí d'institiúidí iltaobhacha, ag tosú ó shonraí 2020 freisin maidir le faoiseamh fiachais agus ag tosú ó shonraí 2023 (le hidirthréimhse roghnach bliana) freisin maidir le hionstraimí na hearnála príobháidí (go háirithe iasachtaí, ráthaíochtaí agus cothromas). Chun tuilleadh eolais a fháil ar mhodheolaíocht nua na coibhéise deontas agus ar an modheolaíocht a úsáideadh san am a caitheadh bunaithe ar glansreabhadh airgid, féach anseo: Nuachóiriú an chúnaimh oifigiúil um fhorbairt (ODA) - OECD

[10] Is éard atá in ODA comhchoiteann an Aontais suim an ODA ó Bhallstáit an Aontais agus an cion den ODA a chuireann institiúidí an Aontais ar fáil nach bhfuil inleagtha ar Bhallstáit ná ar dheontóirí nach Ballstáit den Aontas iad, mar shampla, an Ríocht Aontaithe. Tromlach chaiteachas institiúidí an Aontais ar ODA, inleagtar ar Bhallstáit an Aontais é, i.e. áirítear cuid de ODA na n-institiúidí ar shonraí na mBallstát. Ní inleagtar ar na Ballstáit ODA a chuirtear ar fáil trí acmhainní dílse an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) ná trí iasachtaí cúnaimh macrairgeadais ón gCoimisiún agus is sa bhreis ar chúnamh oifigiúil um fhorbairt na mBallstát atá sé.

[11] I dtéarmaí ainmniúla. Tabhair faoi deara go bhfuil na figiúirí le haghaidh 2021 agus 2022 bunaithe ar shonraí deiridh 2021 agus 2022 ó ECFE, agus go raibh an figiúr EUR 95.9 billiún le haghaidh 2023 bunaithe ar réamhshonraí 2023 ó ECFE a foilsíodh in earrach na bliana 2024.

[12] Áirítear, sa sainmhíniú atá anseo ar ODA domhanda, ODA a chuireann tíortha comhchoiteanna an Aontais, agus gach tír eile bhronntach ar tír DAC agus neamh-DAC iad agus a thuairiscíonn don ECFE, ar fáil.

d. Shroich agus sháraigh ceithre Bhallstát de chuid an Aontais an tairseach 0.7 % ODA/OIN in 2023 agus bhain trí Bhallstát de chuid an Aontais an tairseach sin amach nó sháraigh siad í in 2022 (féach Fíor 3 agus Tábla 1). Cé gur tháinig méadú ar chóimheas ODA/OIN in 2022 in 19 mBallstát de chuid an Aontais, gur fhan sé mar a bhí in 3 Bhallstát, agus gur tháinig laghdú air in 5 Bhallstát, léirítear le figiúirí 2023 gur mhéadaigh sé in 5 Bhallstát, gur fhan sé mar a bhí in 3 Bhallstát agus gur tháinig laghdú air in 19 mBallstát[13].

16. Tugann an Chomhairle dá haire, tar éis méadú mór a theacht ar chaiteachas ar dhídeanaithe sna tíortha bronntacha idir 2021 agus 2022 ( ó EUR 4.9 billiún go EUR 15.4 billiún), gur thit an caiteachas sin sna tíortha bronntacha sin go EUR 14.8 billiún in 2023. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go bhfuil méadú suntasach leanúnach ag teacht ar ODA glan déthaobhach comhchoiteann an Aontais don Úcráin: ó EUR 1.4 billiún in 2021 go EUR 14.3 billiún in 2022 agus go EUR 22.7 billiún in 2023[14].

17. Is díol sásaimh don Chomhairle gur seoladh an Fóram Idirnáisiúnta maidir le tacaíocht oifigiúil iomlán le haghaidh na forbartha inbhuanaithe (TOSSD). Agus príomhról ODA á urramú aici, leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá TOSSD mar fhoinse sonraí trínar féidir trédhearcacht agus eolas a thomhas agus a fheabhsú i ndáil le hacmhainní a chuireann le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030[15]. Mar fhoinse sonraí le haghaidh tháscaire SFI 17.3.1[16], cuireann TOSSD trédhearcacht ar fáil maidir le maoiniú do na spriocanna forbartha inbhuanaithe, agus cuimsíonn sé na sreafaí oifigiúla agus na méideanna príobháideacha uile a slógadh chun tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe.

18. Leanfaidh an Chomhairle d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun agus cuirfidh sí tuarascáil ar fáil go bliantúil ar mhaithe leis an trédhearcacht agus an chuntasacht phoiblí.

---

[13] Tagraíonn an nath 'd'fhan sé mar a bhí' do chóimheasa ODA le OIN ar tháinig athrú is lú ná 0.01 pointe céatadáin orthu bunaithe ar fhigiúirí beachta.

[14] Tháinig laghdú EUR 371 milliún ar ODA glan déthaobhach na mBallstát don Úcráin in 2023, agus tháinig méadú EUR 8.9 billiún ar ODA glan déthaobhach institiúidí an Aontais don Úcráin, go háirithe mar gheall ar iasachtaí cúnaimh macrairgeadais.

[15] Uirlis Amharcléirithe TOSSD.

[16] Infheistíocht dhíreach choigríche (IDC), cúnamh oifigiúil um fhorbairt agus comhar Theas-Theas mar chion den bhuiséad intíre iomlán.

IARSCRÍBHINN

**Gealltanais agus Spriocanna ODO reatha an Aontais Eorpaigh**

**(Conclúidí ón gComhairle, an 26 Bealtaine 2015 (9241/15, míreanna 31-33))**

(…) Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta an sprioc 0.7 % ODA/OIN a bhaint amach laistigh den am a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015. Athdhearbhaíonn Ballstáit sin an Aontais a bhí ina mBallstáit roimh 2002 go bhfuil siad tiomanta an sprioc 0.7 % de ODA/OIN a bhaint amach, agus na himthosca buiséadacha á gcur san áireamh, agus tá na Ballstáit a bhain an sprioc sin amach tiomanta an sprioc sin a choimeád nó leibhéal níos airde a bhaint amach; na Ballstáit sin ar Ballstáit iad ó 2002 ar aghaidh, déanfaidh siad a ndícheall ODA/OIN a mhéadú go 0.33 %.

Ba cheart go gcuideodh an pobal idirnáisiúnta le hacmhainní a dhíriú ar na háiteanna sin is mó a bhfuil gá leo iontu, go háirithe na tíortha is lú forbairt agus tíortha leochaileacha agus tíortha a bhfuil coinbhleacht iontu. I gcomhthéacs an ghealltanais iomláin maidir le cúnamh oifigiúil um fhorbairt, agus ag cloí go hiomlán le tosaíochtaí na mBallstát aonair maidir le cúnamh forbartha, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé meáite tacaíocht a thabhairt do na tíortha is lú forbairt. Gabhann an tAontas Eorpach air féin, mar aonad, an sprioc 0.15 - 0.20 % ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach sa ghearrthéarma, agus an sprioc maidir le 0.20 % OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach laistigh den am a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015.

**An Comhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt 'Ár Saol, Ár nDínit, Ár dTodhchaí' (Ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin Eorpaigh, an 7 Meitheamh 2017, mír 103.)**


Tá sé geallta ag an Aontas ar bhonn comhchoiteann go ndéanfaidh sé 0.7 % den Ollioncam Náisiúnta (OIN) a chur ar fáil mar chúnamh oifigiúil um fhorbairt laistigh de thráthchlár Chlár Oibre 2030. Ionas go ndíreofar acmhainní ar na háiteanna is mó a bhfuil gá acu leo, go háirithe na tíortha is lú forbairt, tíortha leochaileacha agus tíortha a bhfuil coinbhleacht iontu, geallann an tAontas go mbainfidh sé amach ar bhonn comhchoiteann an sprioc go gcuirfear 0.15 – 0.20 % de ODA/OIN ar fáil do na tíortha is lú forbairt, go gearrthéarmach, agus go mbainfidh sé amach an sprioc go gcuirfear 0.20 % de ODA/OIN ar fáil laistigh de thráthchlár Chlár Oibre 2030. Aithníonn an tAontas agus a Bhallstáit na dúshláin ar leith a bhíonn le sárú ag na tíortha atá i mbéal forbartha san Afraic. (…) Leanfaidh siad d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun agus cuirfidh siad tuarascáil ar fáil go bliantúil lena gceadófar trédhearcacht agus cuntasacht phoiblí.

**Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa (a d'fhormhuinigh an Comhthionól Ginearálta i rún 69/313 uaidh an 27 Iúil 2015, mír 51–52)**

(…) Athdhearbhaíonn soláthraithe ODA a ngealltanais ODA faoi seach, lena n-áirítear an gealltanas a rinne go leor tíortha chun sprioc 0.7 % de ODA/OIN, agus 0.15 % go 0.20 % de ODA/OIN do na tíortha is lú forbairt, a bhaint amach. Is cúis dóchais dúinn iad na tíortha sin ar éirigh leo a ngealltanas 0.7 % de ODA/OIN agus an sprioc 0.15 % go 0.20 % de ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach nó a shárú. Tathantaímid ar gach tír eile dlús a chur lena n-iarrachtaí a ODA a mhéadú agus iarrachtaí breise nithiúla a dhéanamh chun spriocanna ODA a bhaint amach. Is díol sásaimh dúinn an cinneadh ón Aontas Eorpach a athdhearbhaíonn a ghealltanas comhchoiteann an sprioc 0.7 % de ODA/OIN a bhaint amach laistigh den am a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015, agus geallann sé an sprioc 0.15 % go 0.20 % de ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach ar bhonn comhchoiteann sa ghearrthéarma, agus an sprioc 0.20 % de ODA/OIN a thabhairt do na tíortha is lú forbairt a bhaint amach laistigh den tráthchlár a leagtar síos sa chlár oibre iar-2015. Tathantaímid ar sholáthraithe ODA machnamh a dhéanamh ar sprioc a leagan síos 0.20 % de ODA/OIN ar a laghad a thabhairt do na tíortha is lú forbairt.

Aithnímid a thábhachtaí atá sé na hacmhainní lamháltais a dhíriú orthu siúd is mó atá i ngátar agus is lú atá in ann acmhainní eile a shlógadh. Ina leith sin tugaimid dár n-aire, agus is cúis mhór imní dúinn é, an laghdú ar sciar ODA do na tíortha is lú forbairt agus geallaimid an laghdú sin a chur ina cheart. Is díol spreagtha dúinn na tíortha sin a leithdháileann ar a laghad 50 % dá ODA ar na tíortha is lú forbairt.


Fíor 1 – ODA comhchoiteann an Aontais i gcomparáid le tíortha bronntacha nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad in 2023




NB: Is réamhfhigiúirí iad figiúirí 2023.

NB: Tugtar figiúirí i gcoibhéisí deontais.


Fíor 2 – ODA comhchoiteann an Aontais mar % de OIN i gcomparáid le deontóirí DAC nach Ballstát den Aontas Eorpach iad thar thréimhse ama




NB: I gcás gach bliana, ní chuirtear san áireamh i bhfigiúirí ODA comhchoiteann an Aontais ar an ngraf seo ach na tíortha sin a bhí ina mBallstát den Aontas ag an am, agus ní chuirtear san áireamh i gcomhiomlán na ndeontóirí DAC uile nach Ballstáit den Aontas iad ach na tíortha sin a bhí ina gcomhaltaí den DAC ag an am. Go háirithe, tá an Ríocht Aontaithe san áireamh i measc Dheontóirí Comhchoiteanna an Aontais go dtí 2019 agus an bhliain sin san áireamh, ach ní ó 2020 amach, ós rud é gur tháinig a tarraingt siar ón Aontas Eorpach i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020, agus áirítear an Ríocht Aontaithe i gcomhiomlán na ndeontóirí DAC uile nach Ballstáit den Aontas iad ó 2020 i leith. Taispeántar tíortha G7 nach Ballstáit den Aontas iad (deontóirí DAC freisin) ina n-aonar freisin.

NB: Is i bpraghsanna reatha atá na méideanna go léir. Is réamhfhigiúirí iad figiúirí 2023.

Fíor 3 – An bhearna idir leibhéil ODA/ONI 2023 agus spriocanna aonair comhaontaithe na mBallstát agus treo an athraithe ó 2022 go 2023




NB: Rinneadh na ríomhanna ag baint úsáid as praghsanna reatha. Is réamhfhigiúirí iad figiúirí 2023.

NB: Ní mheasfar ach dearbh-athruithe 0.01 pointí céatadáin ar a laghad mar mhéadú nó laghdú. Cuireadh an mhodheolaíocht sin i bhfeidhm go comhsheasmhach thar thréimhse ama agus is é is aidhm di nach measfar mion-éagsúlachtaí mar mhéadú ná laghdú. Tá Ballstáit a raibh méadú beag nó laghdú beag iontu i measc na dtíortha a mheastar a bheith cobhsaí.

Tábla 1 – ODA Comhchoiteann Bhallstáit an Aontais agus an Aontais sa tréimhse 2013-2023

| Member State | 2013 | | 2014 | | 2015 | | 2016 | | 2017 | | 2018 | | 2019 | | 2020 | | 2021 | | 2022 | | 2023 | | Change 2022-2023 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | Volume in EUR Million | % of GNI |
| Austria | 882 | 0.27 | 930 | 0.28 | 1,193 | 0.35 | 1,479 | 0.42 | 1,110 | 0.30 | 990 | 0.26 | 1,099 | 0.28 | 1,117 | 0.30 | 1,240 | 0.31 | 1,756 | 0.39 | 1,807 | 0.38 | 50.74 | -0.0124 |
| Belgium | 1,732 | 0.45 | 1,844 | 0.46 | 1,717 | 0.42 | 2,080 | 0.50 | 1,948 | 0.45 | 1,959 | 0.43 | 1,943 | 0.41 | 2,056 | 0.48 | 2,212 | 0.43 | 2,526 | 0.45 | 2,613 | 0.44 | 86.97 | -0.0145 |
| Bulgaria | 37 | 0.10 | 37 | 0.09 | 37 | 0.09 | 61 | 0.13 | 55 | 0.11 | 58 | 0.11 | 58 | 0.10 | 75 | 0.13 | 77 | 0.12 | 221 | 0.27 | 157 | 0.19 | -64.08 | -0.0838 |
| Croatia | 34 | 0.08 | 54 | 0.13 | 46 | 0.09 | 37 | 0.07 | 48 | 0.10 | 67 | 0.13 | 64 | 0.12 | 68 | 0.13 | 74 | 0.13 | 131 | 0.19 | 136 | 0.20 | 4.90 | 0.0079 |
| Cyprus | 15 | 0.10 | 14 | 0.09 | 16 | 0.09 | – | – | – | – | 21 | 0.12 | 18 | 0.09 | 13 | 0.06 | 17 | 0.07 | 13 | 0.05 | 17 | 0.07 | 3.57 | 0.0135 |
| Czechia | 159 | 0.11 | 160 | 0.11 | 179 | 0.12 | 235 | 0.14 | 270 | 0.15 | 259 | 0.13 | 276 | 0.13 | 262 | 0.13 | 310 | 0.13 | 1,000 | 0.38 | 730 | 0.24 | -269.64 | -0.1372 |
| Denmark | 2,205 | 0.85 | 2,264 | 0.86 | 2,313 | 0.85 | 2,142 | 0.75 | 2,172 | 0.74 | 2,195 | 0.72 | 2,281 | 0.72 | 2,327 | 0.72 | 2,470 | 0.71 | 2,635 | 0.67 | 2,851 | 0.74 | 215.93 | 0.0717 |
| Estonia | 23 | 0.13 | 28 | 0.14 | 31 | 0.15 | 39 | 0.19 | 38 | 0.16 | 41 | 0.16 | 43 | 0.16 | 44 | 0.17 | 51 | 0.16 | 191 | 0.54 | 101 | 0.28 | -90.01 | -0.2632 |
| Finland | 1,081 | 0.54 | 1,232 | 0.59 | 1,161 | 0.55 | 958 | 0.44 | 961 | 0.42 | 834 | 0.36 | 1,010 | 0.42 | 1,122 | 0.47 | 1,219 | 0.47 | 1,536 | 0.57 | 1,452 | 0.52 | -83.93 | -0.0495 |
| France | 8,540 | 0.41 | 8,005 | 0.37 | 8,149 | 0.37 | 8,701 | 0.38 | 10,052 | 0.43 | 10,283 | 0.43 | 10,908 | 0.44 | 12,394 | 0.53 | 13,112 | 0.51 | 15,228 | 0.56 | 14,266 | 0.50 | -961.54 | -0.0608 |
| Germany | 10,717 | 0.38 | 12,486 | 0.42 | 16,173 | 0.52 | 22,368 | 0.70 | 22,182 | 0.67 | 21,163 | 0.61 | 21,616 | 0.61 | 25,191 | 0.73 | 28,135 | 0.76 | 33,890 | 0.85 | 33,924 | 0.79 | 33.69 | -0.0556 |
| Greece | 180 | 0.10 | 186 | 0.11 | 215 | 0.12 | 333 | 0.19 | 278 | 0.16 | 246 | 0.13 | 329 | 0.18 | 286 | 0.17 | 288 | 0.16 | 343 | 0.17 | 301 | 0.14 | -41.90 | -0.0294 |
| Hungary | 97 | 0.10 | 109 | 0.11 | 140 | 0.13 | 180 | 0.17 | 132 | 0.11 | 241 | 0.21 | 279 | 0.21 | 367 | 0.27 | 368 | 0.28 | 353 | 0.26 | 281 | 0.15 | -71.60 | -0.1106 |
| Ireland | 637 | 0.46 | 615 | 0.38 | 648 | 0.32 | 726 | 0.32 | 743 | 0.32 | 792 | 0.31 | 870 | 0.32 | 867 | 0.31 | 977 | 0.30 | 2,292 | 0.63 | 2,603 | 0.67 | 311.61 | 0.0382 |
| Italy | 2,584 | 0.17 | 3,022 | 0.19 | 3,609 | 0.22 | 4,601 | 0.27 | 5,197 | 0.30 | 4,397 | 0.25 | 3,941 | 0.22 | 3,728 | 0.22 | 5,146 | 0.29 | 6,319 | 0.33 | 5,561 | 0.27 | -758.10 | -0.0601 |
| Latvia | 18 | 0.08 | 19 | 0.08 | 21 | 0.09 | 27 | 0.11 | 28 | 0.11 | 29 | 0.10 | 31 | 0.10 | 36 | 0.12 | 40 | 0.12 | 137 | 0.36 | 132 | 0.33 | -5.70 | -0.0235 |
| Lithuania | 38 | 0.11 | 34 | 0.10 | 43 | 0.12 | 52 | 0.14 | 53 | 0.13 | 55 | 0.12 | 60 | 0.13 | 63 | 0.13 | 73 | 0.14 | 231 | 0.36 | 176 | 0.28 | -54.99 | -0.0764 |
| Luxembourg | 323 | 1.00 | 319 | 1.06 | 327 | 0.95 | 354 | 1.00 | 376 | 1.00 | 401 | 0.98 | 421 | 1.03 | 397 | 1.03 | 456 | 0.99 | 504 | 1.00 | 536 | 0.99 | 32.38 | -0.0099 |
| Malta | 14 | 0.20 | 15 | 0.20 | 15 | 0.17 | 19 | 0.20 | 22 | 0.21 | 28 | 0.25 | 37 | 0.30 | 47 | 0.40 | 44 | 0.32 | 43 | 0.28 | 46 | 0.26 | 3.28 | -0.0132 |
| Netherlands | 4,094 | 0.67 | 4,200 | 0.64 | 5,162 | 0.75 | 4,491 | 0.65 | 4,399 | 0.60 | 4,795 | 0.62 | 4,727 | 0.59 | 4,702 | 0.59 | 4,471 | 0.52 | 6,152 | 0.67 | 6,808 | 0.66 | 655.53 | -0.0043 |
| Poland | 367 | 0.10 | 341 | 0.09 | 397 | 0.10 | 600 | 0.15 | 603 | 0.13 | 649 | 0.14 | 694 | 0.14 | 728 | 0.14 | 832 | 0.15 | 3,325 | 0.53 | 2,408 | 0.34 | -916.54 | -0.1937 |
| Portugal | 368 | 0.23 | 324 | 0.19 | 278 | 0.16 | 310 | 0.17 | 338 | 0.18 | 349 | 0.18 | 367 | 0.17 | 362 | 0.18 | 388 | 0.18 | 497 | 0.21 | 487 | 0.19 | -10.28 | -0.0242 |
| Romania | 101 | 0.07 | 161 | 0.11 | 143 | 0.09 | 184 | 0.11 | 195 | 0.11 | 211 | 0.11 | 227 | 0.10 | 271 | 0.13 | 353 | 0.15 | 392 | 0.14 | 505 | 0.16 | 113.41 | 0.0201 |
| Slovak Republic | 65 | 0.09 | 63 | 0.09 | 77 | 0.10 | 96 | 0.12 | 106 | 0.13 | 117 | 0.13 | 103 | 0.11 | 124 | 0.14 | 131 | 0.14 | 163 | 0.15 | 161 | 0.14 | -2.03 | -0.0188 |
| Slovenia | 46 | 0.13 | 46 | 0.12 | 57 | 0.15 | 74 | 0.19 | 67 | 0.16 | 71 | 0.16 | 78 | 0.17 | 80 | 0.17 | 98 | 0.19 | 160 | 0.29 | 151 | 0.24 | -9.75 | -0.0452 |
| Spain | 1,769 | 0.17 | 1,415 | 0.13 | 1,259 | 0.12 | 3,819 | 0.34 | 2,271 | 0.19 | 2,449 | 0.20 | 2,629 | 0.21 | 2,621 | 0.23 | 3,080 | 0.26 | 4,066 | 0.30 | 3,544 | 0.24 | -521.24 | -0.0588 |
| Sweden | 4,389 | 1.01 | 4,698 | 1.09 | 6,391 | 1.40 | 4,425 | 0.94 | 4,935 | 1.02 | 5,085 | 1.07 | 4,650 | 0.96 | 5,571 | 1.14 | 5,018 | 0.91 | 5,190 | 0.89 | 5,185 | 0.91 | -5.43 | 0.0171 |
| United Kingdom | 13,461 | 0.70 | 14,519 | 0.70 | 16,725 | 0.70 | 16,325 | 0.70 | 16,051 | 0.70 | 16,435 | 0.70 | 17,300 | 0.70 | | | | | | | | | | |
| **EU MS Aggregate** | **53,975** | **0.41** | **57,139** | **0.41** | **66,522** | **0.46** | **74,716** | **0.51** | **74,629** | **0.49** | **74,218** | **0.47** | **76,060** | **0.46** | **64,919** | **0.49** | **70,679** | **0.49** | **89,296** | **0.56** | **86,941** | **0.51** | **-2,355** | **-0.0522** |
| EU Institutions' ODA not imputed to EU Member States and other donors | 2,873 | | 2,131 | | 1,372 | | 2,750 | | 1,926 | | 627 | | -829 | | 2,418 | | 894 | | 3,982 | | 8,998 | | 5,015 | |
| **EU Collective** | **56,848** | **0.43** | **59,270** | **0.43** | **67,894** | **0.47** | **77,466** | **0.52** | **76,555** | **0.50** | **74,845** | **0.47** | **75,230** | **0.46** | **67,337** | **0.50** | **71,574** | **0.49** | **93,278** | **0.59** | **95,939** | **0.57** | **2,661** | **-0.0244** |

NB: Tugtar figiúirí i nglansreafaí suas go dtí 2017 agus i gcoibhéisí deontais ó 2018. Is i bpraghsanna reatha atá na méideanna go léir. Is réamhfhigiúirí iad figiúirí 2023.

NB: I gcás gach bliana, ní chuirtear san áireamh ar an tábla seo ná ina fhigiúirí comhiomlána agus comhchoiteanna ach na tíortha sin a bhí ina mBallstát den Aontas ag an am sin. Go háirithe, áirítear an Ríocht Aontaithe i measc Dheontóirí Comhchoiteanna an Aontais go dtí 2019 agus an bhliain sin san áireamh, ach ní áirítear an Ríocht Aontaithe ó 2020 toisc gur tharraing sí siar as an Aontas Eorpach an 1 Feabhra 2020.

NB: Leis an gcomhartha '–' léirítear nár thuairiscigh an Ballstát ar leith sin aon sonraí ODA don bhliain sin.

Tábla 2: ODA Comhchoiteann Bhallstáit an Aontais agus an Aontais do na Tíortha is Lú Forbairt 2020–2022

| Member State | 2020 | | 2021 | | 2022 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI | EUR Million | % of GNI |
| Austria | 268 | 0.07 | 279 | 0.07 | 293 | 0.07 |
| Belgium | 684 | 0.16 | 706 | 0.14 | 711 | 0.13 |
| Bulgaria | 16 | 0.03 | 14 | 0.02 | 12 | 0.01 |
| Croatia | 9 | 0.02 | 11 | 0.02 | 8 | 0.01 |
| Cyprus | 2 | 0.01 | 2 | 0.01 | 1 | 0.01 |
| Czechia | 54 | 0.03 | 59 | 0.03 | 57 | 0.02 |
| Denmark | 676 | 0.21 | 755 | 0.22 | 552 | 0.14 |
| Estonia | 8 | 0.03 | 9 | 0.03 | 6 | 0.02 |
| Finland | 334 | 0.14 | 409 | 0.16 | 304 | 0.11 |
| France | 3,349 | 0.14 | 3,287 | 0.13 | 3,331 | 0.12 |
| Germany | 4,997 | 0.15 | 5,145 | 0.14 | 4,846 | 0.12 |
| Greece | 42 | 0.03 | 49 | 0.03 | 39 | 0.02 |
| Hungary | 45 | 0.03 | 57 | 0.04 | 29 | 0.02 |
| Ireland | 339 | 0.12 | 359 | 0.11 | 386 | 0.11 |
| Italy | 938 | 0.06 | 1,422 | 0.08 | 966 | 0.05 |
| Latvia | 6 | 0.02 | 6 | 0.02 | 11 | 0.03 |
| Lithuania | 11 | 0.02 | 12 | 0.02 | 16 | 0.02 |
| Luxembourg | 183 | 0.48 | 209 | 0.45 | 231 | 0.46 |
| Malta | 1 | 0.01 | 2 | 0.02 | 1 | 0.01 |
| Netherlands | 983 | 0.12 | 789 | 0.09 | 1,092 | 0.12 |
| Poland | 114 | 0.02 | 130 | 0.02 | 103 | 0.02 |
| Portugal | 100 | 0.05 | 130 | 0.06 | 77 | 0.03 |
| Romania | 41 | 0.02 | 41 | 0.02 | 36 | 0.01 |
| Slovak Republic | 19 | 0.02 | 22 | 0.02 | 16 | 0.02 |
| Slovenia | 11 | 0.02 | 14 | 0.03 | 32 | 0.06 |
| Spain | 522 | 0.05 | 582 | 0.05 | 499 | 0.04 |
| Sweden | 1,726 | 0.35 | 1,778 | 0.32 | 1,656 | 0.28 |
| **EU MS Aggregate** | **15,476** | **0.12** | **16,279** | **0.11** | **15,313** | **0.10** |
| EU Institutions' regional ODA known to benefit LDCs (not including UK share) | 798 | | 268 | | 31 | |
| **EU Collective** | **16,274** | **0.12** | **16,547** | **0.11** | **15,344** | **0.10** |

NB: Is i bpraghsanna reatha atá na méideanna go léir.

NB: I gcás gach bliana, cuirtear san áireamh sa tábla seo ina fhigiúirí comhiomlána agus comhchoiteanna na tíortha sin a bhí ina mBallstát den Aontas ag an am sin. Dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe san áireamh ós rud é gur tháinig a tarraingt siar ón Aontas Eorpach i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

NB: Áirítear ar fhigiúirí comhchoiteanna an Aontais ODA glan déthaobhach na mBallstát do na tíortha is lú forbairt, ODA iltaobhach barúlach do na tíortha is lú forbairt agus ODA réigiúnach arb eol go dtéann sé chun tairbhe na dtíortha is lú forbairt chomh maith le ODA réigiúnach institiúidí an Aontais arb eol go dtéann sé chun tairbhe na dtíortha is lú forbairt (gan sciar na Ríochta Aontaithe a áireamh).